

| Claoninsint: <i>go / gur / nach / nár</i> | Indirect Speech: <i>that / that not</i> |
|--|--|
| The words <i>go</i> and <i>gur</i> are used like the English word <i>that</i> to join two clauses together. <i>Gur</i> is used for the past tense of regular verbs, and <i>go</i> is used in all other tenses, and for certain irregular verbs. For negative sentences, <i>nár</i> is used instead of <i>gur</i> and <i>nach</i> is used in place of <i>go</i> . | |
| 1. Tá sé te. | It is hot. |
| 2. Sílim go bhfuil sé te. | I think that it is hot. |
| 3. Níl sé te. | It is not hot. |
| 4. Sílim nach bhfuil sé te. | I think that it is not hot. |
| 5. Bhí sé sa bhaile. | He was at home. |
| 6. Dúirt sé go raibh sé sa bhaile. | He said that he was at home. |
| 7. Ní raibh sé sa bhaile. | He was not at home. |
| 8. Dúirt sé nach raibh sé sa bhaile. | He said that he was not at home. |
| 9. D'ith sé na brioscaí. | He ate the cookies. |
| 10. Tá a fhios agam gur ith sé na brioscaí. | I know that he ate the cookies. |
| 11. Níor ith sé na brioscaí. | He did not eat the cookies. |
| 12. Tá a fhios agam nár ith sé na brioscaí. | I know that he did not eat the cookies. |

| An Modh Coinníollach | The Conditional Mood |
|--|--|
| The conditional mood is used to say that something <i>would</i> happen. There are special endings for each person. | |
| 1. Bheinn sásta é a dhéanamh. | I would be happy to do it. |
| 2. An mbeifeá sásta é sin a dhéanamh? | Would you be willing to do that? |
| 3. Bheadh sé sásta é a ithe. | He would be happy to eat it. |
| 4. Ní bheadh sí sásta é a cheannach. | She wouldn't be willing to buy it. |
| 5. Bheimis sásta thú a fheiceáil. | We would be happy to see you. |
| 6. An mbeadh sibh sásta teacht linn? | Would ye be willing to come with us? |
| 7. Nach mbeidís sásta fanacht anseo? | Wouldn't they be happy to stay here? |
| 8. D'fhanfainn anseo murach eisean. | I would stay here were it not for him. |
| 9. An bhfanfá anseo i d'aonar? | Would you stay here by yourself? |
| 10. Ní fhanfadh sé sa bhaile. | He wouldn't stay at home. |
| 11. D'fhanfadh sí leis an madra. | She would stay with the dog. |
| 12. D'fhanfaimis leat murach an madra. | We would stay with you but for the dog. |
| 13. An bhfanfadh sibh leis an bpáiste? | Would you stay with the child? |
| 14. Nach bhfanfaidís leis an gcat? | Wouldn't they stay with the cat? |
| 15. Cheannóinn an carr ar mhíle dollar. | I'd buy the car for a thousand dollars. |
| 16. An gceannófá an ceann dearg? | Would you buy the red one? |
| 17. Ní cheannódh sé carr dearg riamh. | He wouldn't ever buy a red car. |
| 18. Cheannódh sí í murach an costas. | She would buy it but for the price. |
| 19. Ní cheannóimis faic uait. | We wouldn't buy anything from you. |
| 20. An gceannódh sibh mo charr? | Would ye buy my car? |
| 21. Nach gceannóidís an carr uaidh? | Wouldn't they buy the car from him? |

| Sorcha sa Ghailearaí (le Catherine Foley) | |
|---|---|
| 1. | Nuair a tháinig na boscaí móra ón Ollainn iarradh ar Shorcha déileáil leo. |
| 2. | Bhí sé i gceist ag stiúrthóir an ghailearaí taispeántas Picasso a chur ar siúl ag tús mhí an Mheithimh. |
| 3. | Bhí pictiúir an ealaíontóra cháiliúil sna boscaí. |
| 4. | Rinne Sorcha ionsaí orthu láithreach. |
| 5. | Bhí uirthi an téad tiubh a ghearradh agus an téip a bhriseadh. |
| 6. | Bhí páipéir ann chomh maith, iad istigh i mbosca amháin i gclúdach donn. |
| 7. | Bhí na foirmeacha ar fad le líonadh agus bhí uirthi gach rud a chur in ord. |
| 8. | D'oibrigh sí go crua an lá sin. |
| 9. | Ní raibh a fhios aici go dtarlódh dúnmharú de bharr an taispeántais seo. |
| 10. | Ní raibh a fhios aici go mbeach sí féin i gcontúirt. |
| 11. | Ní raibh a fhios aici céard a bhí i ndán di. |
| 12. | Bhí tuí sna boscaí. |
| 13. | Lean sí uirthi ag tógáil na bpictiúr amach, ag breathnú orthu agus ag caint agus ag gáire le Dáithí, an stiúrthóir, nuair a chuireadh sé a cheann isteach. |

| | Sorcha sa Ghailearaí (le Catherine Foley) | Sally in the Gallery (by Catherine Foley) |
|-----------|--|--|
| | a. an gailearaí / an dánlann | the gallery |
| 1. | Nuair a tháinig na boscaí móra ón Ollainn iarradh ar Shorcha déileáil leo. | When the large boxes came from Holland, Sally was asked to deal with them. |
| | a. Nuair a tháinig sé isteach, ... | When he came in, ... |
| | b. Nuair a d'ith mé an ceapaire, ... | When I ate the sandwich, ... |
| | c. an bosca mór / na boscaí móra | The big box / the big boxes |
| | d. an bosca beag / na boscaí beaga | The small box / the small boxes |
| | e. an Ollainn / ón Ollainn | Holland / from Holland |
| | f. Meiriceá / ó Mheiriceá | America / from America |
| | g. Iarr ar Sheán é a dhéanamh. | Ask John to do it. |
| | h. D'iarr mé air é a dhéanamh. | I asked him to do it. |
| | i. Iarrfaidh mé ar Mháire é a dhéanamh. | I'll ask Mary to do it. |
| | j. Tá sé ag iarraidh orm é a dhéanamh. | He's asking me to do it. |
| | k. Iarradh orm é a dhéanamh. | I was asked to do it. |
| 2. | Bhí sé i gceist ag stiúrthóir an ghailearaí taispeántas Picasso a chur ar siúl ag tús mhí an Mheithimh. | The director of the gallery meant to put on a Picasso exhibition in the beginning of the month of June. |
| | a. Cad atá i gceist agat? | What do you mean? |
| | b. Cad atá ar siúl? | What's going on? |
| | c. Tá an teilifíseán ar siúl. | The TV's on. |
| | d. Cuir an teilifíseán ar siúl. | Turn on the TV. |
| | e. an Meitheamh / mí an Mheithimh | June / the month of June |
| 3. | Bhí pictiúir an ealaíontóra cháiliúil sna boscaí. | The famous artist's pictures were in the boxes. |
| | a. an pictiúr / na pictiúir | the picture / the pictures |
| | b. an t-ealaíontóir / an ealaíontóra | the artist / of the artist |
| | c. an múinteoir / an mhúinteora | the teacher / of the teacher |
| | d. an feirmeoir / an fheirmeora | the farmer / of the farmer |
| | e. sa bosca / sna boscaí | in the box / in the boxes |
| 4. | Rinne Sorcha ionsaí orthu láithreach. | Sally attacked them immediately. |
| 5. | Bhí uirthi an téad tiubh a ghearradh agus an téip a bhriseadh. | She had to cut the thick cord and break the tape. |
| | a. Bhí orm fanacht sa bhaile. | I had to stay at home. |
| | b. B'éigean dom fanacht sa bhaile. | I had to stay at home. |
| | c. Bhí orm an ceapaire a ithe. | I had to eat the sandwich. |
| | d. B'éigean dom an ceapaire a ithe. | I had to eat the sandwich. |

| | Sorcha sa Ghailearaí (le Catherine Foley) | Sally in the Gallery (by Catherine Foley) |
|-----|---|---|
| 6. | Bhí páipéir ann chomh maith, iad istigh i mbosca amháin i gclúdach donn. | There were papers as well, inside a single box in a brown envelope. |
| | a. an páipéar / na páipéir | the paper / the papers |
| | b. freisin, leis, fosta | also, too |
| | c. chomh maith | as well |
| | d. anseo / ansin / ansiúd | here / there / over there |
| | e. ann | there (no specific place) |
| 7. | Bhí na foirmeacha ar fad le líonadh agus bhí uirthi gach rud a chur in ord. | The forms all had to be filled out and she had to put everything in order. |
| | a. an fhoirm / na foirmeacha | the form / the forms |
| | b. Cad atá le déanamh agat? | What do you have to do? |
| | c. Tá ceapaire le hithe agam. | I have to eat a sandwich. |
| | d. Tá orm ceapaire a ithe. | I have to eat a sandwich. |
| | e. Caithfidh mé ceapaire a ithe. | I have to eat a sandwich. |
| | f. ar fad / go léir | all |
| | g. gach / gach rud / gach duine | every / everything / everybody |
| 8. | D'oibrigh sí go crua an lá sin. | She worked hard that day. |
| 9. | Ní raibh a fhios aici go dtarlódh dúnmharú de bharr an taispeántais seo. | She didn't know that a murder would happen because of this exhibition. |
| | a. Cad a tharla? | What happened? |
| | b. de bharr ... | because of ... |
| | c. dá bharr / dá bharr sin | because of it / because of that |
| | d. an taispeántas / an taispeántais | the exhibition / of the exhibition |
| 10. | Ní raibh a fhios aici go mbeach sí féin i gcontúirt. | She didn't know that she herself would be in danger. |
| 11. | Ní raibh a fhios aici céard a bhí i ndán di. | She didn't know what was in store for her. |
| | a. Cad atá i ndán dom? | What's in store for me? |
| | b. Níl a fhios agam cad atá i ndán dom. | I don't know what's in store for me. |
| 12. | Bhí tuí sna boscaí. | There was straw in the boxes. |
| | a. teach ceann tuí | a house with a thatched roof |
| 13. | Lean sí uirthi ag tógáil na bpictiúr amach, ag breathnú orthu agus ag caint agus ag gáire le Dáithí, an stiúrthóir, nuair a chuireadh sé a cheann isteach. | She continued on taking the pictures out, looking at them, and talking and laughing with David, the director, when he'd put his head in. |

| Ceisteanna | Questions |
|---|---|
| Q1. Cá raibh Sorcha ag obair? | Where was Sally working? |
| Q2. Cad a fuair Sorcha? | What did Sally receive? |
| Q3. Cad as ar tháinig na boscaí? | Where did the boxes come from? |
| Q4. Cad a bhí sna boscaí? | What was in the boxes? |
| Q5. Cé a rinne na pictiúir a phéinteáil? | Who painted the pictures? |
| Q6. Cad a bhí ar Shorcha le déanamh chun na boscaí a oscailt? | What did Sally have to do to open the boxes? |
| Q7. Cad a bhí istigh sa chlúdach donn? | What was in the brown envelope? |
| Q8. An raibh Sorcha ag ligean a scíthe? | Was Sally taking it easy? |
| Q9. An raibh a fhios ag Sorcha cad a bhí i ndán di? | Did Sally know what was in store for her? |
| Q10. Cé leis a raibh Sorcha ag caint? | Who was Sally talking with? |
| Q11. Cén t-ainm a bhí ar stiúrthóir an ghailearaí? | What was the name of the director of the gallery? |
| Q12. An bhfaca tú pictiúr Picasso riabh? | Did you ever see a picture of Picasso's? |